# Luach a Chruthú ón gCeol

# Conas a Chumasaíonn Cóipcheart é sin

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

imro

Is Cruthaitheoirí iad Mic Léinn freisin



**1 CRUTHAÍONN** scríbhneoir amhrán / cumadóir a mhír/mír cheoil féin.

**2** A luaithe agus a chruthaítear an t-amhrán i bhfoirm inláimhsithe i.e. tar éis liricí nó nótaí ceoil a bhreacadh síos, a chur in eagar nó a thaifeadadh, is leis an scríbhneoir amhrán an cóipcheart sa mhír ceoil sin go huathoibríoch. Is ionann **CÓIPCHEART CEOIL** agus cineál maoine intleachtúla, rud a ligeann do dhuine úinéireacht a bheith aige/aici ar an gceol a chruthaíonn sé/sí agus rud a choisceann ar dhaoine eile an saothar a chóipeáil nó a atáirgeadh gan cead a fháil ón úinéir.

**3** Má tharlaíonn díospóid faoi **ÚINÉIREACHT** ar shaothar, tá sé tábhachtach don úinéir a bheith in ann a chruthú gur leis/léi an saothar ar dháta ar leith. Is minic a bhaintear úsáid as an gcóras seo a leanas: Cuirtear an taifeadadh, an bhileog cheoil nó na liricí i gclúdach. Cuirtear do sheoladh féin ar an gclúdach agus ainm an amhráin scríofa ar an taobh amuigh den chlúdach. Cuirtear sa phost chugat féin é leis an bpost cláraithe. Nuair a fhaigheann tú an clúdach sa phost tá sé tábhachtach cuimhneamh nach ceart duit é a oscailt. Bí cinnte go bhfuil an dáta stampáilte go soiléir agus go bhfuil an clúdach séalaithe go hiomlán. Coinnítear an clúdach in áit shábháilte (e.g. oifig aturnae nó banc).

**4** Ní mór d'aon duine ar mian leis/léi an ceol seo a úsáid nó a chomhroinnt **CEAD** a fháil ó úinéir/úinéirí cuí an chóipchirt roimh ré.

**5** Tá ceithre eagraíocht ann in Éirinn a riarann **RÍCHÍOSANNA** thar ceann scríbhneoirí amhrán, cumadóirí, foilsitheoirí ceoil, lipéad ceirníní agus taibheoirí agus tá freagracht ar gach ceann ar leith acu i ndáil leis na cineálacha éagsúla ríchíosanna a fhaightear ón gceol faoi chóipcheart a dháileadh. Is iad seo a leanas na heagraíochtaí sin:



**IMRO (Eagraíocht Chearta Ceoil na hÉireann)** arb í an eagraíocht í a bhailíonn agus a dháileann ríchíosanna do scríbhneoirí amhrán, do chumadóirí agus d'fhoilsitheoirí ceoil tar éis a saothar a bheith taibhithe beo, craolta ar an teilifís nó ar an raidió, nó sruthaithe/íoslódáilte ar líne.



**MCPS Ireland (Cumann Cosanta Cóipchirt Mheicniúil)** arb í an eagraíocht í a bhailíonn ríchíosanna, is é sin, ríchíosanna a íoctar le foilsitheoirí ceoil agus le scríbhneoirí amhrán aon uair a dhéantar cóip d'aon cheann dá n-amhráin, mar shampla, nuair a dhéantar CD.



**RAAP (Oirfidigh, Aisteoirí & Taibheoirí Taifeadta na hÉireann)** arb í an eagraíocht í a dháileann ríchíosanna ar thaibheoirí atá bainteach le taifeadtaí fuaime, is é sin le rá, iad siúd a chum an ceol agus, ina theannta sin, ceoltóirí seisiúin nó daoine atá bainteach le leagan clúdaigh.



**PPI (Taibhiúchán Fónagrafach Éireann)** arb í an eagraíocht í a riarann cearta cuideachtaí ceirníní i leith thaibhiú poiblí, chraoladh agus atáirgeadh a gcuid taifeadtaí.

**6** I measc na bpríomh-**SHRUTHANNA IONCAIM** atá ag scríbhneoirí amhrán agus taibheoirí, áirítear an méid seo a leanas:

1. Táillí maidir le Gníomhaíochtaí Camchuairte agus Taibhiúchán Beo
2. Ríochíosanna i leith Scríobh Amhrán/Cumadh
3. Díolacháin cheoil thaifeadta (díolacháin dhigiteacha, sruthú, díolacháin fhisiciúla etc.)

In Éirinn, téann an cóipcheart i saothar litríochta, drámaíochta, ceoil nó ealaíne in éag 70 bliain tar éis bhás an údair agus, ina dhiaidh sin, deirtear go bhfuil an saothar ar marthain san fhearann poiblí. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh aon duine an saothar a úsáid, a mhodhnú nó a atáirgeadh gan aon bhaol go mbeidh sárú cóipchirt ann. Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, tabhair cuairt ar **www.imro.ie**.

© Cóipcheart: Eagraíocht Chearta Ceoil na hÉireann (IMRO).